

An
Coimisiún
Pleanála

Cód Iompair 2025

**Do Bhaill an Bhoird
Rialaithe, Coimisinéirí
Pleanála, Baill Foirne
agus Daoine Áirithe Eile**

*Arna Ghlacadh ag an mBord Rialaithe
ar an 25 Samhain 2025*

Dáta Tosaithe: 9 Nollaig 2025





Clár An Ábhair

1. Réamhrá	1
2. Nochtuithe leasa/coimbhleachtaí	7
3. Sannadh comhad nó cásanna	13
4. Coinbhleacht leasa/claonadh oibiachtúil	14
5. Cumarsáid mhíchuí	15
6. Ballraíocht in eagraíochtaí, cumainn agus cumainn eile	16
7. Ballraíocht/leasanna airgeadais i gcuideachtaí, comhpháirtíochtaí nó comhlachtaí eile	17
8. Obair a dhéanamh i rith agus i ndiaidh ballraíochta/fostaíochta	17
9. Glacadh le bronntanais, urraíocht etc	17
10. Éifeachtúlacht airgeadais, éilimh ar speansais agus calaois a chosc	18
11. Nochtadh faisnéise/foilsíú barúlacha/tuairimí	18
12. Baill den choimisiún/breathnóireachtaí agus aighneachtaí foirne	20
13. Soláthar poiblí/cothroime i gcúrsaí gnó	20
14. Cruinneas faisnéise	20
15. Timpeallacht oibre/sheachtrach	21

Rialú Doiciméid

Suíomh

Foilseofar an leagan is déanaí den Chód Iompair ar www.pleanala.ie.

Ceaduithe

Ghlac an Bord Rialaithe leis an gCód Iompair is déanaí ag cruinniú a reáchtáladh ar an 25 Samhain 2025. Ba é an 9 Nollaig 2025 an dáta tosaithe. Nuashonraigh an Bord Rialaithe an doiciméad i mí an Mhárta 2026 agus athfhoilsíodh é i mí na Bealtaine 2026.

Príomhtheachtaireachtaí

Sa Chód leagtar amach roinnt ceanglas do dhaoine atá ag obair in An Coimisiún Pleanála.

Is é an aidhm atá leis na ceanglais sin an méid seo a leanas a chinntiú,

- › cuirtear obair an Choimisiúin i gcrích i gceart, agus
- › chun an riosca go mbeidh daoine atá ag obair ar chásanna sa Choimisiún ag déileáil le coinbhleachtaí leasa, trí úinéireacht ar réadmhaoin nó trí chaidreamh gairmiúil nó pearsanta; nó go mbeidh tionchar ag claonadh oibiachtúil nó ag tuiscint maidir le claonadh oibiachtúil ar láimhseáil cásanna a sheachaint.

Is ortsa atá an fhreagracht phearsanta an Cód seo a chomhlíonadh, ar cuid é de do chonradh fostaíochta nó oifige.

Ní mór duit a chinntiú freisin go bhfuil tú ar an eolas faoi na ceanglais reachtúla infheidhme maidir le coinbhleachtaí leasa, agus go gcomhlíonann tú iad sin agus go bhfuil aon fhaisnéis a chuireann tú ar fáil le clárú i gclár leasanna An Coimisiún Pleanála cruinn agus cothrom le dáta.

Ba cheart duit a thabhairt faoi deara freisin gur cion é teip na hoibleagáidí nochta faoi reachtanna ábhartha a chomhlíonadh.

Cód Iompair

Do Bhaill an Bhoird Rialaithe,
Coimisinéirí Pleanála,
Baill Foirne agus Daoine
Áirithe Eile



1. RÉAMHRÁ

1.1 Eolas Cúlra maidir le An Bord Pleanála/An Coimisiún Pleanála

Bunaíodh an Bord Pleanála sa bhliain 1977 faoi Acht um Rialtas Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976 agus leanadh ar aghaidh leis trí Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, agus faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, athainmníodh é mar An Coimisiún Pleanála.

Tá An Coimisiún Pleanála freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc agus nithe áirithe eile faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (le leanúint ar aghaidh leis faoi Acht 2024 nuair a chuirtear tús le hailt ábhartha) arna leasú, agus reachtaíocht ghaolmhar agus cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh, lena n-áirítear cinneadh a dhéanamh maidir le mórchásanna bóthair agus iarnróid. Tá sé freagrach freisin as iarratais dhíreacha faoi Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021. Chomh maith leis sin, tá sé freagrach as déileáil le tograí a bhaineann le fáil éigeantach talún ag údaráis áitiúla agus ag comhlachtaí eile faoi achtacháin éagsúla. Ina theannta sin, tá feidhmeanna ag an gCoimisiún a bhaineann le hachomhairc a chinneadh faoi Achtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) agus Achtanna um Rialú Foirgníochta.

Chomh maith leis sin, tá An Coimisiún Pleanála ag feidhmiú mar Údarás Inniúil do Thionscadail Chomhleasa faoi Rialachán 347/2013 ón gCoimisiún Eorpach a dhéileálann le bonneagar fuinnimh tras-Eorpach.

- 1.2** Chun críche an Chóid seo, tá na daoine seo a leanas páirteach in An Coimisiún Pleanála - an Bord Rialaithe, na Coimisinéirí Pleanála, baill foirne an Choimisiúin (lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin). Tá daoine eile a oibríonn mar chomhairligh nó mar chomhairleoirí don Choimisiún, chun tuairisciú ar chásanna pleanála, agus daoine eile den sórt sin clúdaithe faoin gCód freisin.

Ráiteas Misin, An Coimisiún Pleanála

Ról a imirt mar chomhlacht neamhspleách ar bhealach neamhchlaonta, éifeachtúil agus oscailte, chun a chinntiú go n-urramaíonn forbairt fhisiciúil agus mórthionscadail bhonneagair in Éirinn prionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint na timpeallachta.

1.3 Luachanna An Coimisiún Pleanála

Tá luachanna coitinne ag An Coimisiún Pleanála agus ag an tSeirbhís Phoiblí trí chéile:

- › Éiteas seirbhíse poiblí láidir d'ionracas, neamhspleáchas, neamhchlaontacht, comhionannas, cothroime agus meas,
- › Cultúr atá bunaithe ar thrédhearcacht, cuntasacht, éifeachtúlacht agus luach ar airgead, agus
- › Gealltanais maidir leis na caighdeáin is airde de cheannaireacht, de ghairmiúlacht agus de mhionchúis.

Tá obair An Coimisiún Pleanála á treorú ag na luachanna uileghabhálacha seo a leanas maidir leis an gcaoi a gcuirimid ár ngnó i gcrích, a sholáthraímid seirbhísí agus a ndéanaimid cinntí:

Éifeachtúlacht agus Éifeachtacht

Déanfaimid ár gcinntí agus cuirfimid ár n-oibríochtaí i gcrích go tráthúil, go gairmiúil agus go stuama. Tuigimid an tionchar atá ag ár ról sa phróiseas pleanála mar chomhlacht cinnteoireachta.

Ionracas

Cuirimid ár bhfeidhmeanna i gcrích de réir na gcaighdeán is airde d'iompar agus d'eitic ghairmiúil. Cosnaímid neamhspleáchas agus neamhchlaontacht ár gcinteoireachta.

Trédhearcacht

Táimid oscailte agus cuntasach chomh fada is a bhaineann lenár gcinntí, córais agus próisis. Táimid soiléir agus ionraic chomh fada is a bhaineann lenár gcumarsáid agus gníomhaíochtaí. Bainimid tairbhe as cur chuige réamhghníomhach nuair a bhímid i mbun rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara.

Nuálaíocht

Táimid sofhreagrúil agus toilteanach comhoibriú le daoine eile. Déanaimid iarracht i gcónaí ár gcórais agus ár bpróisis a fheabhsú, agus an tslí a mbímid ag obair lena chéile agus le daoine eile.

Meas

Tá meas againn ar an luach agus ar an dínit a bhaineann le gach duine. Tá tuiscint shoiléir againn ar an gceart a bhaineann le rannpháirtíocht chothrom, inrochtana do chách sa chóras pleanála.

1.4 Cúlra an Chóid Iompair seo

Faoi Alt 501 d’Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, ceanglaítear ar An Coimisiún Pleanála glacadh le cód iompair chun déileáil le coinbhleachtaí leasa, claonadh oibiachtúil nó an tuiscint ar chlaonadh oibiachtúil, agus chun tacú le muinín an phobail as ionracas iompair a ghnó.

Ar aon dul leis an gceanglas reachtúil seo, leagtar amach ráiteas scríofa maidir le beartais An Coimisiún Pleanála maidir leis an méid seo a leanas sa Chód seo:

- › bearta chun a chinntiú go seachnaítear agus go mbainistítear coinbhleachtaí leasa daoine lena mbaineann an cód,
- › nochtuithe leasanna agus caidrimh daoine lena mbaineann an cód sa chás go bhfuil na leasanna agus an caidreamh ábhartha d’obair an Choimisiúin,
- › ballraíocht daoine lena mbaineann an cód ó eagraíochtaí, cumainn agus comhlachtaí eile, idir gairmiúil agus cineálacha eile,
- › ballraíocht daoine lena mbaineann an cód ó chuideachtaí, comhpháirtíochtaí nó comhlachtaí eile, nó leas airgeadais a bheith ag duine lena mbaineann an cód i gcuideachtaí, comhpháirtíochtaí nó comhlachtaí eile,
- › obair a bheith á déanamh, seachas obair thar ceann an Choimisiúin, ag daoine lena mbaineann an cód, i rith agus i ndiaidh aon tréimhse fostaíochta leis an gCoimisiún, mar chomhairleach, comhairleoir nó ar shlí eile,
- › glacadh le bronntanais, urraíocht, comaoineacha nó fabhair ó dhaoine lena mbaineann an cód,
- › nochtadh faisnéise maidir le nithe a bhaineann le hobair an Choimisiúin, á dhéanamh ag daoine lena mbaineann an cód,
- › na céimeanna atá le cur i gcrích sa chás go dtugtar coinbhleacht leasa faoi deara nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le hachomharc, iarratas, atreorú nó iarraidh,
- › na céimeanna atá le cur i gcrích chun a chinntiú go gcloítear leis an gcód iompair seo agus go gcuirtear i bhfeidhm go hiomlán é nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le hachomharc, iarratas, atreorú nó iarraidh, agus
- › nochtadh á dhéanamh ag daoine lena mbaineann an cód maidir le haon uiríoll a bhaineann le feidhmeanna an Choimisiúin arna dhéanamh lena leithéid sin de dhuine ag ball den phobal, i scríbhinn nó ar shlí eile.

Cuimsítear sna beartais a leagtar amach sa Chód seo i ndáil le nochtadh leasanna agus caidreamh, ceanglais reachtúla maidir le nochtadh leasanna faoin Acht Pleanála agus faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 (“**AEOP**”).

Lena chois sin, cuirtear san áireamh sa Chód seo prionsabail agus forálacha an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Lúnasa 2016) (“**Cód Rialachais na gComhlachtaí Stáit**”).

Ag féachaint do na feidhmeanna gar-bhreithiúnacha a chuireann An Coimisiún Pleanála i gcrích agus chun léargas a thabhairt ar na caighdeáin ionracais agus neamhchlaontachta is airde nuair a bhíonn feidhmeanna An Coimisiún Pleanála á gcur i gcrích, tá ceanglais, beartais agus forálacha breise suntasacha le fáil sa Chód Iompair seo freisin thar agus sa bhreis ar na ceanglais faoi Acht Pleanála, 2024, AEOP agus Cód Rialachais na gComhlachtaí Stáit.

Ceanglaítear ar gach ball den Bhord Rialaithe, an Coimisinéir Pleanála agus gach ball d’fhoireann An Coimisiún Pleanála, a bheith eolas ar fhorálacha an Chóid seo.

1.5 Daoine a chlúdaíonn an Cód.

Baineann an Cód seo le baill an Bhoird Rialaithe, Coimisinéirí Pleanála agus gach ball foirne (lena n-áirítear an príomhoifigeach feidhmiúcháin) den Choimisiún agus aon duine a cheaptar mar chomhairleach nó mar chomhairleoir don Choimisiún faoi Alt 390 d’Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, i ndáil le dualgais a bhaineann lena fheidhmeanna agus chun cinneadh a dhéanamh maidir le cásanna pleanála.

Faoi **alt 501(4)** d’Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, is coinníoll de cheapachán/d’fhostaíocht nó de rannpháirtíocht daoine atá clúdaithe faoin gCód go gcomhlíonfaidh siad an Cód agus an méid a bhfuil gá leis i ngach foráil éagsúil.

1.6 Díolúintí an Bhoird Rialaithe

Faoi Alt 497(5) d’Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, foráiltear nach féidir leis an mBord Rialaithe a bheith páirteach i mbreithniú nó i gcinneadh a dhéanamh maidir le haon chás pleanála atá os comhair an Choimisiúin chun críche cinnidh de bhrí go bhfuil an fheidhm chinnteoireachta sin forchoimeáda dírreach do na Coimisinéirí Pleanála. Sa chás sin, níl aon rochtain ag baill an Bhoird Rialaithe ar fhaisnéis maidir le hachomhairc nó iarratais dhíreacha i rith shaolré na gcásanna sin agus ní bheidh aon rochtain acu ar Chórais Bhainistíochta Cáis an Choimisiúin (CBC). Sa chomhthéacs sin, dhírigh na gnéithe sin den Chód ar an mbreithniú ar an gcásobair phleanála agus níl próisis cinnidh ábhartha nó infheidhme do bhaill den Bhord Rialaithe.

1.7 Coinbhleachtaí Leasa agus Dearbhuithe maidir le Claontacht Oibiachtúil do Bhaill an Bhoird Rialaithe

D’fhéadfadh, áfach, go mbeadh baint ag forálacha cóid a bhaineann le coinbhleachtaí leasa nó le claontacht oibiachtúil le haon ábhar a d’fhéadfadh teacht chun cinn ó bhall den Bhord Rialaithe ó mhíreanna an chláir oibre ag cruinnithe den Bhord Rialaithe. Sa chás go mbreithníonn ball den Bhord Rialaithe go bhféadadh aon saincheist dá leithéid teacht chun cinn ag a leithéid de chruinniú, ansin ba cheart do bhall den Bhord Rialaithe prótacail na neamh-rannpháirtíochta ó bhaint a bheith aige nó aici le nó ó bhreithniú a dhéanamh ar a leithéid de mhíreanna ar an gclár oibre a leanúint.

Iarrfaidh Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe, ag tús gach cruinnithe, an bhfuil aon bhall den tuairim go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann agus/nó claontacht oibiachtúil ag eascairt as aon mhír ar an gclár oibre agus má bhíonn a leithéid i gceist, ba cheart don bhall na prótacail a bhaineann le neamh-rannpháirtíocht nó le breithniú a leithéid sin de mhíreanna ar an gclár oibre a leanúint. Sa chás go bhfuil amhras ann maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le neamh-rannpháirtíocht, déanfaidh an Cathaoirleach rialú maidir leis an gceist. Taifeadfaidh agus coimeádfaidh an tOifigeach Eitice sonraí a bhaineann le gach cás neamh-rannpháirtíochta nó breithniú ar neamh-rannpháirtíocht, lena n-áirítear aon rialú a dhéanann an Cathaoirleach.

Dá réir sin, tá freagracht phearsanta i gceist i ndáil le gach duine aonair chun a chinntiú go bhfuil an Cód seo á chomhlíonadh aige nó aici, agus is coinníoll atá ann a bhaineann le bheith i mbun oifige nó fostaíochta, agus d’fhéadfadh sárúithe a bheith mar bhonn le gníomh araíonachta.

1.8 Dualgas a bheith neamhspleách agus neamhchlaonta.

Faoi Alt 571, ceanglaítear ar Choimisinéirí Pleanála agus ar bhaill foirne den Choimisiún, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh acu maidir lena gcuid dualgas a fheidhmiú faoin Acht seo, a leithéid a dhéanamh ar bhealach neamhspleách agus neamhchlaonta.

1.9 An Cód a Chomhlíonadh

Tá dualgas pearsanta ar gach ball den Bhord Rialaithe, Coimisinéir Pleanála agus ball foirne de An Coimisiún Pleanála:

- › a bheith inniúil, ionraic, éifeachtúil, cúirtéiseach agus gairmiúil nuair a bhíonn a gcuid dualgas á bhforfheidhmiú acu agus nuair a bhíonn siad ag idirghníomhú le pearsanra seachtrach agus inmheánach nuair a bhíonn a gcuid oibre á dhéanamh acu,
- › aird a thabhairt ar chaighdeán ionracais chuí, gach dualgas a chur i gcrích ar bhealach atá comhsheasmhach leis an leas coiteann agus cloí le luachanna seirbhíse poiblí, lena n-áirítear dílseacht do luachanna An Coimisiún Pleanála agus,
- › a chinntiú nach mbaineann a (h)iompar an bonn de cháiil An Coimisiún Pleanála nó nach bhfuil sé dochrach d'fheidhmiú éifeachtach fheidhmeanna An Coimisiún Pleanála.

Ní mór gach leas agus caidreamh, gairmiúil nó pearsanta, áit a bhfuil na leasanna agus an caidreamh, nó áit a mheastar ar dócha go mbeidh siad, ábhartha d'obair An Coimisiún Pleanála, a bhreithniú agus a nochtadh de réir fhorálacha an Chóid seo. Níor cheart gurb í an tástáil a chuirfí i bhfeidhm an rud a shíleann Coimisinéir Pleanála nó ball foirne aonair a bhféadfaí glacadh leis mar leas nó caidreamh ábhartha, seachas sin ba cheart cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh duine réasúnta ag glacadh leis *go réasúnta* go mbeadh tionchar aige ar an duine aonair nuair a bhíonn a f(h)eidhmeanna á gcomhlíonadh aige nó aici. Más amhlaidh atá, ansin ba cheart an leas nó an caidreamh a nochtadh de réir an Chóid seo ionas gur féidir nósanna imeachta oiriúnacha a leanúint¹.

1.10 Dualgas Muiníneach Ball den Bhord Rialaithe

Tá dualgas muiníneach ar gach ball den Bhord Rialaithe don eagraíocht ar an gcéad dul síos, arb éard atá i gceist leis feidhmiú de mheon macánta agus ar mhaithe le leas na heagraíochta.

Is iad seo a leanas príomhdualgais mhuiníneacha bhaill an Bhoird Rialaithe:

- › feidhmiú go hionraic agus go freagrach nuair a bhíonn gnóthaí na heagraíochta á gcur i gcrích laistigh d'éiteas seirbhíse poiblí láidir uileghabhálach d'ionracas agus de neamhchlaontacht.
- › feidhmiú de réir forálacha reachtúla agus ceanglas rialaithe eile a bhaineann lena ról laistigh den eagraíocht a chur i gcrích.
- › gan tairbhe a bhaint as réadmhaoin, faisnéis nó deiseanna na heagraíochta ar mhaithe leo féin nó ar mhaithe le duine ar bith eile.
- › gan aontú le srian a chur le cumhacht aon bhall den Bhord Rialaithe breithiúnas neamhspleách a thabhairt.
- › aon choinbhleacht idir dualgais bhaill an Bhoird Rialaithe don eagraíocht agus do leas pearsanta bhaill an Bhoird Rialaithe a sheachaint.

1.11 An Cód Iompair a Dháileadh

Dáilfear an Cód Iompair seo (agus aon leagan nuashonraithe) ar an bpearsanra ar fad agus chomh maith leis sin, foilseofar an Cód ar shuíomh gréasáin An Coimisiún Pleanála. Fiafrófar de gach ball den Bhord Rialaithe, na Coimisinéirí Pleanála agus den fhoireann a admháil go bhfuil cóip den Chód faighte acu, ina bhfuil taifid chuí coinnithe, agus go dtuigeann siad é.

1. Más gá, is féidir caidreamh áirithe a nochtadh faoi rún daingean/ar bhonn riachtanais don Rannóg Acmhainní Daonna ionas gur féidir aon mhaolú riachtanach chun coinbhleacht leasa a chosc agus/nó tuiscint ar chlaontacht oibiachtúil a chur chun feidhme i ndáil le nithe a bhaineann le gnó oibríochtúil.

1.12 Athbhreithniú Tréimhsiúil ar an gCód

Féadfaidh an Bord Rialaithe an Cód seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ó am go ham (agus aon bheartas, treoir nó nós imeachta gaolmhar), agus sa chás sin dáilfear cóip den Chód nuashonraithe ar an bpearsanra ar fad agus foilseofar é ar shuíomh gréasáin An Coimisiún Pleanála. Leagfaidh an eagraíocht trí chéile béim ar athbhreithniú agus ar nuashonrú leanúnach na gceanglas eiticíúil foriomlán agus na nósanna imeachta rialachais gaolmhara agus éascófar an méid sin tríd an obair a dhéanfaidh aonad rialachais agus eitice tiomanta laistigh den eagraíocht.

1.13 Pointe Teagmhála Má Bhíonn Ceisteanna Agat

Má tá aon cheist ag aon bhall den Bhord Rialaithe, Coimisinéir Pleanála nó ball foirne nó duine seachtrach atá ceaptha ag an gCoimisiún, i ndáil leis an gCód seo go ginearálta nó maidir le cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh gá a bheith le nochtadh leasa, saincheist a bhaineann le claonadh oibiachtúil nó tuiscint ar chlaonadh oibiachtúil, nó caidreamh, in imthosca sonracha (i ndáil lena leasanna féin nó leasanna baill/fostaí eile den Choimisiún), ba cheart dó nó di, **gan mhoill**, comhairle a lorg mar seo a leanas:

- Más baill den Bhord Rialaithe atá i gceist, ba cheart dóibh comhairle a lorg ón gCathaoirleach nó ón Rúnaí.
- Más baill foirne de chuid an Choimisinéara Pleanála atá i gceist nó duine seachtrach, ba cheart comhairle a lorg ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó ón bPríomhoifigeach nó ón Oifigeach Eitice.

Maidir leis na hoibleagáidí sonracha atá ar na Coimisinéirí Pleanála agus fostaithe ainmnithe faoi AEOP, is féidir le haon duine atá faoi réir fhorálacha AEOP comhairle a lorg go díreach ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí i ndáil lena n-oibleagáidí.

2. NOCHTUITHE LEASA/COINBHLEACHTAÍ

2.1 Forléargas

Tá roinnt ceanglas reachtúil ag baint le leasanna áirithe a dhearbhú. Faoin Acht Pleanála agus AEOP:

- (i) tá gach ball den Bhord Rialaithe, Coimisinéir Pleanála agus foireann an Choimisiúin, faoi réir ceanglas a bhaineann le dearbhú leasa bliantúil a dhéanamh; agus
- (ii) ceanglaítear ar gach Coimisinéir Pleanála agus ball foirne agus daoine seachtracha atá ceaptha acu nochtuithe ar bhonn an cháis a dhéanamh maidir le haon leas atá ábhartha d'aon achomharc, cinneadh nó ní eile a bhaineann le feidhm áirithe An Coimisiúin Pleanála.

Le cois na n-oibleagáidí nochtaithe faoi reachtaíocht, chun tacú leis an leibhéal is airde muiníne agus iontaoibhe poiblí in An Coimisiún Pleanála agus chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a chuid oibríochtaí a chinntiú, tá beartais le fáil sa Chód seo freisin a bhfuil sé mar aidhm leo an fhéidearthacht a bhaineann le haon “neamhchlaontacht oibiachtúil” (nó go deimhin aon tuiscint ar neamhchlaontacht oibiachtúil) a sheachaint i bpróiseáil agus i bpróisis chinnteoireachta maidir le cásanna pleanála agus nithe gaolmhara in An Coimisiún Pleanála. Tá eolas maidir leis na beartais seo le fáil i mír 2.3 thíos.

Iarrfar ar aon phearsanra seachtrach atá ceaptha ag An Coimisiún Pleanála chun tabhairt faoi dhualgais a bhaineann le cásanna pleanála toradh seiceála coinbhleachta leasa a chur i gcrích agus a dhoiciméadú sula ndeimhnítear rannpháirtíocht.

2.2 Dearbhuithe agus Nochtuithe Reachtúla faoin Acht Pleanála agus faoi fhorálacha comhionanna de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí.

Is faoi **gach duine aonair** atá sé a chinntiú go bhfuil na ceanglais reachtacha faoin Acht Pleanála agus AEOP á gcomhlíonadh de bhrí gur ar an duine aonair atá an oibleagáid. Éascaíonn An Coimisiún Pleanála an próiseas seo trí fhoirmeacha ábhartha a dháileadh agus trí mheabhrúcháin/treoir a eisiúint maidir leis na hoibleagáidí seo. Ar mhaithe le héascaíocht tagartha, tá achoimre déanta ar na ceanglais reachtacha maidir le nochtuithe faoin Acht Pleanála agus AEOP.

2.2.1 Nochtuithe Bliantúla faoi reachtaíocht Pleanála

Ceanglaíonn Alt 523 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, arna leasú (“an **tAcht Pleanála**”) go **soláthróidh** baill an Bhoird Rialaithe, Coimisinéirí Pleanála agus fostóirí dearbhú leasa bliantúil maidir le talamh (seachas teach príobháideach), agus aon ghnó nó rannpháirtíocht i dtrádáil nó i bhforbairt talún.

Áirítear ar “leasanna” chun críche Alt 523 aon² leas atá ag an duine nó aon ainmní de chuid an duine nó aon chuideachta nó aon chomhlachta ar ball de ainmní an duine.

Tá **foirm forordaithe ann** le haghaidh dearbhuithe bliantúla alt 523, atá le fáil ó Rúnaí an Bhoird Rialaithe nó ón Oifigeach Eitice ag am ar bith. Tugtar cóip den fhoirm seo do gach ball den Bhord Rialaithe, don Choimisinéir Pleanála agus do gach fostaí forordaithe gach bliain le comhlánú.

2. Tá roinnt eisceachtaí luaite leis an gceanglas seo – e.g. le haghaidh leasanna cianda nó neamhshuntasacha nó scairshealbhú i gcuideachta/i gcomhlacht eile sa chás go bhfuil an luach cothrom le níos lú ná €13,000 nó 1% den scairchaipiteal eisithe. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na heisceachtaí seo le fáil sna nótaí a ghabhann le foirm alt 523.

Foráiltear in Alt 523(1)(b) sa chás nach bhfuil aon leas dá leithéid le dearbhú ag duine, go síneoidh sé/sí dearbhú agus go dtabharfaidh sé a leithéid don Choimisiún, dearbhú ina sonrúfáir gurb é sin an cás.

Tá dualgas ar An Coimisiún Pleanála clár leasanna dearbhaithe a choimeád, ar féidir **leis an bpobal a scrúdú**. Ní mór faisnéis a chuirtear ar fáil sa chlár seo a choinneáil le haghaidh tréimhse de suas le 5 (cúig) bliana i ndiaidh don duine iomchuí éirí as a ról mar dhuine iomchuí.

Athrú ar imthosca: Má athraíonn d'imthosca pearsanta i rith na bliana ar bhealach a d'athródh dearbhú a comhlánaíodh roimhe sin faoi alt 523 (i.e. aon athrú ar leas(anna) reatha nó sealbhú leasa/leasanna nua), b'fhéidir go mbeadh gá le dearbhú leasaithe. Má tá aon amhras ort, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis na pointí teagmhála ainmnithe atá leagtha amach i mír 1.9 den Chód seo.

Foráiltear in Alt 523 den Acht Pleanála go nglacfar leis go bhfuil na ceanglais maidir le fógra a thabhairt maidir le hathrú ar imthosca á gcomhlíonadh ag duine má chuireann an duine dearbhú ar fáil don Choimisiún **laistigh de 10 lá oibre ón lá** a dtarlaíonn an t-athrú, nó a shealbháitear an leas eile. Ba cheart do bhaill den Bhoird Rialaithe, Coimisinéirí Pleanála agus baill foirne é sin a chur san áireamh nuair a bhíonn obair á déanamh ar aon idirbheart a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le hathrú ar imthosca nach mór a dhearbhu.

Tá An Coimisiún Pleanála den tuairim go bhfuil sé stuama, sa chás go dteipeann ar leas a dearbhaíodh i ndearbhú a bheith ag feidhmiú mar leas ag pointe ama éigin, gur cheart an chúis atá leis an leas a chur as an áireamh ó dhearbhuithe ina dhiaidh sin a mhíniú i meamram a chuirtear ar fáil don eagraíocht.

2.2.2 Nochtuithe ad-hoc/cás ar chás faoi Reachtaíocht Phleanála

Ceanglaíonn Alt 574 d'Acht Pleanála, 2024, ar Choimisinéirí Pleanála agus ar bhaill foirne, nó daoine áirithe eile atá ceaptha ag an gCoimisiún chun nádúr aon leas airgeadais³ (i.e. airgead) nó aon leas tairbheach eile⁴ a nochtadh atá ag aon duine dá leithéid in, nó atá ábhartha do, aon achomharc, ranníocaíocht, ceist, cinneadh nó díospóid a bhfuil cinneadh maidir leis le déanamh ag an gCoimisiún.

Sa chás go ndéanann duine nochtadh den chineál sin, cuirfear an duine as an áireamh ó aon plé nó breithniúchán ar an ní agus níor cheart don duine tionchar a imirt air nó iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar aon chinneadh a dhéanann an Coimisiún maidir leis an ní sin agus ní mór don duine aon treoir a d'fhéadfadh an Coimisiún a thabhairt maidir leis an ní a chomhlíonadh.

Éagsúil le hAlt 523 níl aon fhoirm forordaithe faoin dlí le haghaidh nochtuithe Alt 574.

Coimeádtar faisnéis a chuirtear ar fáil de bhua Alt 574 ar **chlár inmheánach** a choinníonn an Rúnaíocht i ndáil le gach fógra dá leithéid.

3. Tá roinnt eisceachtaí luaite leis na ceanglais in alt 574 – e.g. le haghaidh leasanna cianda nó neamhshuntasacha nó scairshealbhú i gcuideachta/i gcomhlacht eile sa chás go bhfuil an luach cothrom le níos lú ná €13,000 nó 1% den scairchaipiteal eisithe.
4. Glactar leis go bhfuil "leas tairbheach" ag duine in ábhar má tá an méid seo a leanas fíor faoi/fúithi/fúthu nó a c(h) éile/p(h)áirtí sibhialta (nó aon ainmní dá c(h)uid/dá gcuid nó de chuid páirtí shibhialta):
 - > is ball an duine de chuideachta nó d'aon chomhlacht eile ag a bhfuil leas tairbheach in, nó atá ábhartha do, réiteach, rún, ceist nó ní eile a bhfuil cinneadh le déanamh ag an gCoimisiún maidir leis.
 - > is ball an duine de chomhpháirtíocht nó tá an duine fostaithe ag duine ag a bhfuil leas tairbheach in, nó atá ábhartha do, réiteach, rún, ceist nó ní eile dá leithéid.
 - > is páirtí an duine in aon sócrú nó comhaontú (cibé acu atá nó nach bhfuil in-fheidhmithe) a bhaineann le talamh nó láithreán muirí lena mbaineann a leithéid de réiteach, rún, ceist nó ní eile; nó
 - > tá leas tairbheach eile ag an duine in, nó atá ábhartha do, réiteach, rún, ceist nó ní eile dá leithéid.

Foráiltear in Alt 578 go ndlífear Coimisinéir Pleanála nó ball foirne a mheastar atá ciontach i gcion faoi Alt 574, ar é nó í a chiontú go hachomair, d'fhíneáil d'aicme A nó do théarma príosúin nach faide ná 6 mhí nó an dá rud. Ní thionscnófar imeachtaí do chion faoi Alt 574 ach amháin trí agus le toiliú ó Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí.

2.2.3 Forálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí

Le cois na gceanglas nochta faoin Acht Pleanála mar atá achoimrithe thuas, tá ceanglais nochtuithe chosúla i bhfeidhm faoi na hAchtanna um Eitic. Ní mór do gach ball den Bhord Rialaithe, Coimisinéir Pleanála agus gach duine ag a bhfuil “post ainmnithe”⁵ le An Coimisiún Pleanála a chinntiú freisin go bhfuil forálacha ábhartha Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, á gcomhlíonadh (“na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí” i dteannta a chéile).

Díreach cosúil leis an Acht Pleanála, braitheann na hoibleagáidí nochta faoi AEOP leis an duine i gceist, seachas leis an eagraíocht. Chun cabhrú le comhlíonadh a chinntiú, d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (“CCOP”) doiciméad dar teideal “Treoirilínite maidir le forálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 a Chomhlíonadh”, atá le fáil ar shuíomh gréasáin CCOP.

(a) Dearbhú leasanna bliantúil faoi Eitic in Oifigí Poiblí

Faoi Alt 17(1)(a) d'Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, tá dualgas ar bhaill den Bhord Rialaithe agus Coimisinéirí Pleanála agus, faoi alt 18(1)(a) den Acht céanna, “daoine ainmnithe”, ráiteas bliantúil a ullmhú maidir lena “leasanna”⁶ a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar an duine nó i ndáil le feidhmeanna an duine a fheidmiú de bhrí go bhféadfadh a leithéid d'fheidhmíocht cur isteach ar na leasanna sin ar bhealach a thabharfadh nó a shiarchoinneodh tairbhe shuntasach ón duine (nó céile/páirtí sibhialta/leanbh an duine).

Cuimsítear i “leasanna” chun na gcríoch seo aon leas a bhfuil eolas **iarbhír** ag duine maidir leis de chuid chéile/pháirtí sibhialta an duine nó linbh/leanaí an duine nó linbh/leanaí chéile/pháirtí sibhialta an duine.

Ní mór foirmeacha do nochtuithe bliantúla faoi AEOP a chur i gcrích gach bliain agus, i gcás bhaill an Bhoird Rialaithe agus na gCoimisinéirí Pleanála, iad a chur ar fáil don Choimisiún Pleanála agus don Choimisiún. Ní cheanglaítear ar dhaoine ainmnithe (i.e. iad siúd nach baill den Bhord Rialaithe ná Coimisinéirí Pleanála iad) ach dearbhuithe a chur ar fáil do An Coimisiún Pleanála. Tá foirm forordaithe ann a chuirtear ar fáil do An Coimisiún Pleanála atá le comhlánú ag pearsanra ábhartha gach bliain agus atá ar fáil ón Oifigeach Eitice ag am ar bith. Is féidir le An Coimisiún Pleanála aon tarchur riachtanach dearbhuithe chuig an gCoimisiún a eagrú.

Ainneoin nach bhfuil aon cheanglas reachtúil ann chun a leithéid a dhéanamh, molann an Coimisiún go gcuirfeadh pearsanra ábhartha ráiteas “**náid**” ar fáil mura bhfuil aon leas le dearbhú do bhliain áirithe.

Sa chás go mbíonn athrú ar leasanna i gceist, is féidir ráiteas leasaithe a chur ar fáil am ar bith.

5. Baineann an sainmhíniú seo le gach ball foirne cigireachta agus riaracháin ag grád OF agus níos airde.

6. ciallaíonn “leasanna” chun críocha AEOP na catagóirí de leasanna inchlárúite mar atá leagtha amach sa Dara Sceideal le AEOP: [An Dara Sceideal de AEOP 1995](#)

(b) Nochtuithe maidir le feidhmeanna na Bhoird/Daoine Ainmnithe - Alt 17(1)(b) agus Alt 18(1) (b) d’Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

Sa bhreis ar an ráiteas leasanna bliantúil dá dtagraítear dó thuas, ceanglaíonn Alt 17 agus Alt 18 d’Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, ar bhaill den Bhord Rialaithe agus ar Choimisinéirí Pleanála agus ar dhaoine ainmnithe freisin ráiteas a chur ar fáil nuair a bhíonn feidhm oifigiúil le cur i gcrích ag an duine, agus go bhfuil eolas iarbhír ag an duine ar an duine sin, nó gur “duine bainteach” leis an duine atá ann, duine ag a bhfuil “leas ábhartha” i ní lena mbaineann an fheidhm.

Sa chás go bhfuil leas ábhartha ag Coimisinéir Pleanála/duine ainmnithe i ní áirithe a bhaineann le feidhm atá le cur i gcrích ag an duine sin, foráiltear don mhéid seo a leanas in Acht 1995:

- Ní mór do Choimisinéirí Pleanála, a luaithe is féidir, ráiteas i scríbhinn maidir leis na fíricí ábhartha a ullmhú agus a chur ar fáil, agus:
 - (i) ní chuirfear an fheidhm seo i gcrích mura bhfuil cúis an-láidir ann chun a cheangal go ndéanfadh ball a leithéid, agus
 - (ii) má mholtar an fheidhm a chomhlíonadh, ráiteas i scríbhinn maidir leis na cúiseanna an-láidre a ullmhú agus a chur ar fáil do na Coimisinéirí Pleanála eile agus don Choimisiún, roimh, nó mura féidir é sin a dhéanamh go réasúnta, a luaithe is féidir i ndiaidh an fheidhm sin a chomhlíonadh.
- Ní mór do Dhaoine Ainmnithe, a luaithe is féidir, ráiteas i scríbhinn maidir leis na fíricí ábhartha a ullmhú agus a chur ar fáil, agus:
 - (i) ní chuirfear an fheidhm seo i gcrích mura bhfuil cúiseanna an-láidre ann chun a cheangal go ndéanfadh duine a leithéid, agus
 - (ii) má mholann an duine an fheidhm a chomhlíonadh, ráiteas i scríbhinn maidir leis na cúiseanna an-láidre a ullmhú agus a chur ar fáil do An Coimisiún Pleanála, roimh, nó mura féidir é sin a dhéanamh go réasúnta, a luaithe is féidir i ndiaidh an fheidhm sin a chomhlíonadh.

Mar is amhlaidh i gcás ráiteas bliantúil faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, forálann alt 29(2) d’Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, sa chás go mbíonn athrú ar leasanna ábhartha i gceist, gur féidir ráiteas athbhreithnithe a chur ar fáil am ar bith.

Claonadh Oibiachtúil

Sa bhreis ar na hoibleagáidí nochtta faoin reachtaíocht thuasluaite, tá forálacha le fáil sa Chód seo a bhfuil sé mar aidhm leo an fhéidearthacht a bhaineann le, *nó tuisclint ar*, “**claonadh oibiachtúil**” i bpróisis chinnteoireachta An Coimisiún Pleanála, a sheachaint.

Níl sé éasca coincheap “claonadh oibiachtúil” a shainmhíniú agus braitheann sé ar an gcás agus ar na fíricí. Is í an tástáil ghinearálta a chuirtear i bhfeidhm ná cibé acu an gcreidfeadh nó nach gcreidfeadh duine réasúnta, a bhfuil *na fíricí ábhartha ar fad aige nó aige, go réasúnta* go bhfuil riosca ann nach mbeidh an próiseas cinnteoireachta cothrom agus neamhchlaonta.

Chun cabhrú le gach duine in An Coimisiún Pleanála chun a gcuid dualgas oibre a chomhlíonadh, lena n-áirítear déileáil le cásanna chomh tapa agus is féidir agus de réir phrionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe, agus ag an am céanna na rioscaí a bhaineann le ‘claonadh oibiachtúil’ a laghdú, leagtar amach na forálacha seo a leanas.

Bheifí ag súil go ginearálta nach mbeadh Coimisinéirí Pleanála, baill foirne agus pearsanra seachtracha atá ceaptha ag An Coimisiún Pleanála ag déileáil go feasach le nó ag glacadh páirt in aon chás atá a bhreithniú ag, á chinneadh ag nó le cinneadh ag An Coimisiún Pleanála:

- laistigh de “garchomharsanacht” duine aitheanta (féach (a) thíos).
- a bhaineann le teaghlach duine nó le duine/daoine eile a bhfuil aithne mhaith air nó uirthi ar bhonn pearsanta; (féach(b) thíos).
- sa chás go raibh aon bhaint acu leis an gcás roimhe seo, ar bhonn pearsanta, nó thar ceann fostóra roimhe seo, nó mar bhall d’aon eagraíocht nó comhlacht eile.
- a bhaineann le cás a bhfuil údarás pleanála páirteach ann nó aon eagraíocht oibre ina raibh an duine fostaithe roimhe seo i rith na tréimhse dhá bhliain roimhe seo nó aon eagraíocht dheonach nó ghairmiúil a bhfuil an duine ina b(h)all de nó a raibh an duine ina b(h)all de i rith na tréimhse dhá bhliain roimhe sin; nó
- sa chás go bhféadfadh impleachtaí a bheith aige ar aon leas talún, gnó/airgeadais nó gairmiúil an duine, a t(h)eaghlach nó duine/daoine eile a bhfuil aithne mhaith air/uirthi/orthu ar bhonn pearsanta.

Nuair a bhíonn machnamh á dhéanamh ar bhreithniú a dhéanamh ar aon cheann de na himthosca thuas ba cheart tairbhe a bhaint as **cur chuige réamhchúramach** ag féachaint d’imthosca áirithe gach cáis ina bhféadfadh coinbhleacht nó claonadh oibiachtúil, nó tuiscint ar a leithéid, teacht chun cinn. In imthosca áirithe d’fhéadfadh sé seo a bheith ábhartha go háirithe i ndáil le measúnú ar an bhféidearthacht a bhaineann le claonadh oibiachtúil sa bhreis ar an tréimhse fostóra dhá bhliain roimhe sin de bhrí go bhféadfadh tosca eile, cosúil le nádúr agus fairsinge an naisc roimhe sin nó na hoibre déanta nó na tuairimí roinnte le linn fostaíochta roimhe sin, a bheith ag feidhmiú mar thoisic chinntiúcháin ábhartha maidir le cibé acu an ann nó nach ann do chlaonadh oibiachtúil.

(a) An bhrí atá le “garchomharsanacht”

D’fhéadfadh féidearthacht maidir le coinbhleacht leasa/claonadh oibiachtúil a bheith i gceist má dhéileálann nó má ghlacann Coimisinéir Pleanála, nó ball foirne eile, le haon chás a bhaineann le forbairt bheartaithe atá gar do leas réadmhaoine an duine lena mbaineann.

Sa chomhthéacs seo, tá **ceanglas ginearálta** ann nár cheart go mbeadh baint ag Coimisinéir Pleanála nó ball foirne le haon chás atá gar d’aon réadmhaoine a bhfuil leas pearsanta nó gnó aige nó aici inti. San áireamh anseo tá teach/tithe príobháideacha an duine, agus na leasanna réadmhaoine sin ar féidir iad a nochtadh trí thagairt a dhéanamh d’fhorálacha ábhartha an Achta um Pleanáil agus Forbairt agus an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí.

Tráth an cheapacháin/na rannpháirtíochta, ní mór do gach Coimisinéir Pleanála agus gach ball foirne a s(h)eoladh/a seoltaí baile iomlána a chur ar fáil mar aon leis an réadmhaoine atá á háitriú acu (Éirchód san áireamh) don Rannóg Acmhainní Daonna. Beidh an fhaisnéis seo á coinneáil laistigh de An Coimisiún Pleanála agus faoi rún daingean.

Chun críocha an Chóid Iompair seo, táthar ag glacadh leis go gciallaíonn ‘garchomharsanacht’ an méid seo a leanas:

- I suíomh uirbeach, laistigh de raon 0.5 km ó theach príobháideach nó ó leas réadmhaoine eile an duine sin,
- I suíomh tuaithe, laistigh de raon 5 km ó theach príobháideach nó ó leas réadmhaoine eile an duine sin.

Laistigh den chomhthéacs thuasluaite, ba cheart tairbhe a bhaint, i ngach cás, as cur chuige comhréireach i ndáil le fíricí an cháis ar leith agus chun a chinntiú gur féidir gnó an Choimisiúin a chur i gcrích go héifeachtach, ach mar riail ghinearálta, bheifí ag súil nach mbeadh baint ag Coimisinéir Pleanála, cigire nó ball foirne eile le haon chás laistigh dá g(h) archomharsanacht shainaitheanta.

Sa chás go mbíonn aon cheist/amhras maidir le cás ar leith, ba cheart do Choimisinéir Pleanála rialú a lorg ón bPríomhchoimisinéir Pleanála, agus ba cheart d'fhostaí rialú a lorg ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart an duine lena mbaineann a eisiáimh ó aon bhaint a bheith aige nó aici le cás ar leith.

Sa chás go mbíonn a leithéid de cheist san áireamh, ní mór an ní a dhoiciméadú i bhfoirm meamraim lena n-áirítear aon rialú maidir leis an gceist agus ba cheart cóip a sheoladh ar aghaidh chuig an Oifigeach Eitice chun críche taifeadta.

(b) “Dlúthchaidreamh pearsanta” agus “daoine a bhfuil aithne mhaith orthu”

D'fhéadfadh coinbhleacht/claonadh iarbhir nó measta teacht chun cinn freisin in imthosca sa chás go bhfuil aithne mhaith ag ball teaghlaigh Coimisinéara Pleanála/ball foirne nó duine a bhfuil aithne mhaith ar bhonn pearsanta ag Coimisinéir Pleanála/ball foirne air/uirthi ag a bhfuil leas réadmhaoine nó airgeadais nó baint le daoine nó eagraíochtaí sa chás i gceist. Mar shampla, gargaol nó cara agus comhpháirtithe – rud a chiallaíonn céile nó páirtí duine aonair, leanaí (fásta agus mionaoisigh), tuismitheoir, deartháir, deirfiúr chéile agus páirtithe pearsanta aon cheann de na daoine sin. Chomh fada is a bhaineann le gaolta eile, braitheann sé ar an gcineál caidrimh agus ar an leibhéal ag a bhféadfadh na cinní nó gníomhaíocht an choimisiúin phoiblí tionchar díreach nó suntasach a imirt orthu. D'fhéadfaí glacadh le cara nó comhpháirtí mar dhuine éigin a bhfuil caidreamh fada agus/nó níos gaire ag an duine leis nó léi, a mbíonn sé/sí ina c(h)omhluadar go sóisialta go minic nó a raibh air/uirthi déileáil leis/léi ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le coinbhleacht leasa.

Sa chomhthéacs seo, tá **ceanglas ginearálta** ann nach mbeidh Coimisinéir Pleanála nó ball foirne ag déileáil le nó ag glacadh páirt i bpróiseáil aon chás nó i bpróiseas cinnteoireachta in aon chás ina meastar go bhféadfadh a leithéid sin de rannpháirtíocht a bheith mar bhonn le tuiscint ar chlaonadh oibiachtúil.

Ba cheart tairbhe a bhaint as cur chuige comhréireach maidir le cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann an caidreamh nó an nasc leis an gcatagóir seo, bunaithe ar fhíricí an cháis ar leith.

Sa chás go mbíonn aon cheist/amhras maidir le cás ar leith, ba cheart do Choimisinéir Pleanála rialú a lorg ón bPríomhchoimisinéir Pleanála, agus ba cheart d'fhostaí rialú a lorg ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Sa chás go mbíonn a leithéid sin de cheist ann, nó sa chás go gcinneann aon duine go bhféadfadh a rannpháirtíocht i gcás a bheith mar bhonn le claonadh oibiachtúil nó le tuiscint ar chlaonadh oibiachtúil, ní mór an cheist a dhoiciméadú i bhfoirm meamraim lena n-áirítear aon rialú maidir leis an gceist agus ba cheart cóip a sheoladh ar aghaidh chuig an Oifigeach Eitice chun críche taifeadta.

3. SANNADH COMHAD NÓ CÁSANNA

3.1 Sa chás go mbíonn a leithéid sin de cheist ann, nó sa chás go gcinneann aon duine go bhféadfadh a rannpháirtíocht i gcás a bheith mar bhonn le claonadh oibiachtúil nó le tuiscint ar chlaonadh oibiachtúil, ní mór an cheist a dhoiciméadú i bhfoirm meamraim lena n-áirítear aon rialú maidir leis an gceist agus ba cheart cóip a sheoladh ar aghaidh chuig an Oifigeach Eitice chun críche taifeadta.

I bhfianaise gheografaíocht agus dhaonra na hÉireann, áfach, tá riosca ann go bhféadfaí cáschomhaid a shannadh do bhaill foirne agus do Choimisinéirí Pleanála a bhaineann le háiteanna a bhfuil nasc pearsanta éigin acu leo. Dá réir sin, ghlac An Coimisiún Pleanála le prótacail riaracháin inmheánacha a bhaineann le cásanna a shannadh chun an riosca seo a íoslaghdú.

3.2 Chun críche mhír 3, ciallaíonn “sann”/“sannachán”:

- › obair a shannadh lena n-áirítear comhad nó ní eile do chigire, comhairleach, comhairleoir nó duine éigin eile a mbaineann An Coimisiún Pleanála tairbhe as a s(h)eirbhísí chun tuarascáil/ moladh nó aon ní eile a bhaineann le cás a ullmhú; agus/nó
- › comhad nó ní eile a leithdháileadh ar Choimisinéir Pleanála chun críche breithniúcháin nó le cur faoi bhráid an Choimisiúin.

3.3 Mar chuid den iarracht a chinntiú go gcloítear le coinbhleacht leasa a sheachaint nó chun aon tuiscint ar choinbhleacht leasa a sheachaint, iarrtar ar Choimisinéirí Pleanála aon réimse nó eagraíocht/cuideachta a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le coinbhleacht leasa/imní maidir le claonadh oibiachtúil a ainmniú ionas nach féidir cásanna a bhaineann lena leithéid sin de liostú a leithdháileadh orthu ar an gcéad dul síos.

3.4 Téitear i gcomhairle leis an liosta seo mar chuid den phróiseas riaracháin chun cás a shannadh agus úsáidtear é mar threoir chun leithdháileadh comhad ar shlí a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le coinbhleacht leasa nó aon tuiscint ar choinbhleacht leasa a sheachaint.

3.5 Ba cheart na hiontrálacha ar an liosta a leasú de réir mar is gá, agus ba cheart go gach duine atá páirteach iad a athbhreithniú go foirmiúil, agus ba cheart don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin iad a cheadú go bliantúil ar a laghad nó de réir mar is gá.

3.6 Ba cheart d'aon Choimisinéir Pleanála a ndéantar comhad a shannadh dó/di gan chuimhneamh, comhad a d'fhéadfadh a bheith san áireamh sa liosta nó laistigh d'aon cheann de na catagóirí a bhfuil cur síos déanta orthu i mír 3.3 thuas, é a thabhairt ar ais láithreach don phearsanra riaracháin ábhartha chun críche ath-leithdháilte. Ar leithligh, ba cheart meamram maidir leis na cúiseanna a bhí leis an gcomhad a thabhairt ar ais a sheoladh chuig an Oifigeach Eitice.

3.7 In imthosca ina bhfuil machnamh á dhéanamh ar chomhdhéanamh cruinnithe Coimisiúin do chás a mbeifear ag déileáil leis amach anseo roimh leithdháileadh, ansin ba cheart aon ní a bhaineann le breithniú agus cinntí maidir le heisiaimh aon bhall a eascraíonn as imní a bhaineann le coinbhleacht leasa/cloonadh oibiachtúil a thaifeadadh i bhfoirm meamraim. Coinneoidh an tOifigeach Eitice taifead ar gach meamram den chineál sin.

3.8 Sa chás go meastar go bhfuil leas airgeadais nó tairbheach eile ag fostaí, Cigire a fhaigheann táille in aghaidh an cháis, comhairleach, comhairleoir nó duine éigin eile a mbaineann an Coimisiún tairbhe as a s(h)eirbhísí nó go bhfuil sé nó sí páirteach i gcaidreamh atá ábhartha do, aon achomharc nó aon ní eile atá sannta don duine sin, taifeadfar é sin i bhfoirm meamraim agus tabharfar an comhad ar ais don mhaoirseoir oiriúnach. Ba cheart an meamram a sheoladh ar aghaidh chuig an Oifigeach Eitice a choinneoidh taifead de mheamraim den chineál sin.

3.9 Sa chás go mbíonn aon fhiosrúchán/aon amhras ann maidir leis an gcuid seo i ndáil le sannadh comhad/cásanna, beidh an ní á chinneadh agus á dhoiciméadú ag an bPríomhchoimisinéir Pleanála do Choimisinéirí Pleanála agus ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin do bhaill foirne/ do chomhairligh. Coinneoidh an tOifigeach Eitice taifead ar gach meamram den chineál sin.

4. COINBHLEACHT LEASA/CLAONADH OIBIACHTÚIL

- 4.1.1** Nuair a bhíonn comhad á bhreithniú ag cruinniú de chuid an Choimisiúin, ba cheart do gach Coimisinéir Pleanála atá i láthair an méid seo a leanas a nochtadh (mura bhfuil a leithéid nochtá cheana féin sula mbreithnítear an cás), lena n-áirítear leasanna airgeadais nó tairbheacha (laistigh de bhrí Alt 574 den Acht Pleanála) agus/nó aon chaidreamh nó nasc eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don chás. Ní mór taifead ar easpa coinbhleachtaí leasa a choinneáil freisin maidir leis na comhaid a chuirtear i láthair ag gach Cruinniú Coimisiúin.
- 4.1.2** Sa chás go gcuirtear ceist maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil coinbhleacht leasa nó claonadh oibiachtúil i gceist, déanfaidh cathaoirleach chruinniú an Choimisiúin cinneadh maidir leis an gceist. Má mheastar gur cuí, féadfaidh cathaoirleach chruinniú an Choimisiúin a iarraidh ar an bPríomhchoimisinéir Pleanála nó ar an Leas-Choimisinéir Pleanála cinneadh a dhéanamh maidir leis an ní agus é a thaifeadadh. Maidir le nithe a bhaineann le leasanna an Phríomhchoimisinéara Pleanála, déanfaidh an Leaschoimisinéir Pleanála cinneadh maidir leis an ní agus déanfaidh sé/sí é a dhoiciméadú.
- 4.1.3** Sa chás go gcinneann cathaoirleach cruinnithe, Príomhchoimisinéir Pleanála nó Leaschoimisinéir Pleanála, go bhfuil coinbhleacht i gceist, ansin ina dhiaidh sin, ní ghlacfaidh an Coimisinéir Pleanála i gceist páirt in nó ní fhreastalóidh sé/sí ar aon chruinniú (nó cuid de chruinniú) ag a bpléifear nó ag a ndéanfar cinneadh maidir leis an gcás. Níor cheart doiciméid Choimisiúin maidir le haon bhreithniúchán maidir le haon ní a bhfuil coinbhleacht leasa ag Coimisinéir Pleanála ina leith a chur ar fáil/a bheith inrochtana don Choimisinéir Pleanála lena mbaireann.
- 4.1.4** Sa chás go dtarraingíonn Coimisinéir Pleanála aird ar choinbhleacht leasa fhéideartha (nó ceist maidir le claonadh oibiachtúil nó tuiscint ar chlaonadh oibiachtúil) ag cruinniú de chuid an Choimisiúin agus go bhfuil cathaoirleach an chruinnithe, nó an Príomhchoimisinéir Pleanála, nó an Leaschoimisinéir Pleanála, de réir mar is cuí, go bhfuil nó nach bhfuil coinbhleacht leasa i gceist, taifeadfar toradh an chinnidh seo i dtaifead cruinnithe an Choimisiúin agus seolfar meamram maidir leis an mbreithniúchán chuig an Oifigeach Eitice.
- 4.1.5** Sa chás go dtarraingíonn Coimisinéir Pleanála aird ar choinbhleacht leasa fhéideartha (nó ceist maidir le claonadh oibiachtúil nó tuiscint ar chlaonadh oibiachtúil) lasmuigh de chruinniú de chuid an Choimisiúin, agus go ndéanann an Príomhchoimisinéir Pleanála nó an Leaschoimisinéir Pleanála cinneadh, seolfar meamram maidir le toradh an chinnidh seo chuig an Oifigeach Eitice.
- 4.1.6** Maidir le 4.1.2., 4.1.4 agus 4.1.5 thuas, ní mór don duine a bhfuil cinneadh á dhéanamh aige nó aici míniú gonta ar na himthosca, an cinneadh agus réasúnaíocht ghinearálta don chinneadh a chur ar fáil i scríbhinn. Coinneoidh an Rúnaí taifead ar gach cinneadh den chineál sin.

5. CUMARSÁID MHÍCHUÍ

- 5.1** Faoi alt 575 den Acht Pleanála tá sé in aghaidh an dlí do dhuine cumarsáid (i scríbhinn nó ar shlí eile) a dhéanamh leis an bPríomhchoimisinéir Pleanála, Leaschoimisinéir Pleanála, Coimisinéir Pleanála, ball foirne, comhairleach nó comhairleoir nó duine éigin eile a mbaineann An Coimisiún Pleanála tairbhe as a s(h)eirbhísí, chun críche tionchar míchuí a imirt ar bhreithniú nithe a bhfuil baint ag An Coimisiún Pleanála leo nó cinneadh a dhéanann An Coimisiún Pleanála i ndáil le haon ní dá leithéid.
- 5.2** Tá dualgas ar aon duine den chineál sin, nuair a fhaigheann sé nó sí a leithéid de chumarsáid, gan aon bhaint eile a bheith aige nó aici leis an gcumarsáid sin agus, i ndáil leis na Coimisinéirí Pleanála, aird an Phríomhchoimisinéara Pleanála a tharraingt ar a leithéid. Ba cheart do bhaill foirne, comhairligh nó comhairleoirí nó daoine eile a mbaineann An Coimisiún Pleanála tairbhe as a gcuid seirbhísí aird an mhaoirseora/an bhainisteora/an teagmhálaí chuí a tharraingt ar a leithéid.
- 5.3** Níor cheart go dtarlódh cumarsáid le rannpháirtithe seachtracha i ndáil le cásanna atá beo faoi láthair lasmuigh de na gnáthchainéil reachtúla riaracháin nó fhoirmiúla agus, go háirithe, níor cheart, in aon imthosca, do phearsanra aon fhaisnéis a thabhairt maidir le hábhar nó moladh i dtuarascáil chigire sula ndéanann an bord cinneadh. D'fhéadfadh aon sárú ar an gceanglas seo a bheith in aghaidh an dlí má sháraítear na forálacha reachtúla a leagtar amach in alt 573 den Acht Pleanála agus, sna himthosca sin, bheadh a leithéid mar bhonn le gníomhachtú nósanna imeachta araíonachta.

Cuirfear aon nochtadh faisnéise i ndiaidh don bhord cinneadh a dhéanamh i gcrích de réir na mbeartas agus na nósanna imeachta oibriúcháin atá i bhfeidhm.

- 5.4** Admhaítear agus ceadaítear go hiomlán feidhmiú aon bhreithiúnais ghairmiúil neamhspleách de chuid cigirí pleanála i ndáil le déanamh tuarascálacha agus moltaí mar ghné bhunúsach d'ionracas phróiseas cinnteoireachta na heagraíochta agus ní mór do gach duine san eagraíocht a leithéid a urramú agus a chosaint. Maidir le cumarsáid inmheánach agus, go háirithe, cásanna beo ar ábhar próiseas tuairiscithe cigirí iad, ní mór go mbeadh línte cumarsáide soiléire, trédhearcacha agus doiciméadaithe idir Coimisinéirí Pleanála agus cigirí pleanála (lena n-áirítear bainisteoirí cigireachta maoirseachta) i ndáil lena leithéid de chásanna pleanála sa chás go bhfuil gá le haon cumarsáid dá leithéid. Ní mór do gach duine san eagraíocht cloí le gach beartas agus nós imeachta inmheánach a bhaineann lena leithéid sin de chumarsáid.

6. BALLRAÍOCHT IN EAGRAÍOCHTAÍ, CUMAINN AGUS COMHLACHTAÍ EILE

- 6.1** Ní cheadaítear don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhchoimisinéir Pleanála, Príomhoifigeach, Leaschoimisinéir Pleanála, duine ag leibhéal tuarastail Stiúrthóra nó os a chionn agus Rúnaí an Bhoird Rialaithe a bheith ina b(h)all de pháirtí polaitíochta.
- 6.2** Sa chás go mbíonn fostaí, seachas sealbhóir poist dá dtagraítear i mír 6.1, ina b(h)all de pháirtí polaitíochta nó go gceaptar a leithéid mar bhall de pháirtí polaitíochta, ní mór dó/di dearbhú i scríbhinn maidir leis seo a chur ar fáil don Oifigeach Eitice. Os a choinne sin, sa chás gur sealbhóir oifige nó sealbhóir de phost ainmnithe nó tofa eile i bpáirtí polaitíochta é fostaí nó go dtarlaíonn a leithéid nó go dtoghtar duine i bpost oifige poiblí, ní mór dearbhú i scríbhinn maidir leis an méid sin a chur ar fáil don Oifigeach Eitice.
- 6.3** Féadfaidh Coimisinéirí Pleanála agus fostaithe a bheith ina mball dá gcomhlachtaí/dá n-institiúidí gairmiúla agus/nó ceardchumann, agus féadfaidh siad páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na gcomhlachtaí sin, ach ba cheart dóibh a bheith cúramach agus a chinntiú nach mbíonn na gníomhaíochtaí sin i gcoinbhleacht le haon fhoráil eile sa Chód seo.
- 6.4** Go ginearálta, ba cheart go mbeadh an bhaint atá ag Coimisinéir Pleanála nó fostaí in eagraíochtaí seachtracha teoranta do bhallaíocht i gcomhlacht gairmiúil agus/nó ceardchumann agus ballraíocht i gclubanna, eagraíochtaí nó grúpaí nach bhfuil a gcuid aidhmeanna, cuspóirí agus gníomhaíochtaí agus cláir rialta dírithe ar thionchar a imirt ar bheartais a bhaineann le pleanáil nó leis an timpeallacht agus/nó le cinntí pleanála. Ní bhaineann an srian seo le ballraíocht i gcumann cónaitheoirí áitiúla. Sa chás go mbíonn ceist ann maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon eagraíocht laistigh de scóip na míre seo, ba cheart an cheist a chur faoi bhráid an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i ngach cás.
- 6.5** D'ainneoin na bhforálacha idir 6.2 agus 6.4 thuas, níor cheart do Choimisinéirí Pleanála nó d'fhostaithe páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí aon eagraíochta a bheadh mar bhonn le coinbhleacht leasa fhéideartha idir a leasanna féin agus leasanna An Coimisiún Pleanála. Ní ghlacfaidh ball nó fostaí páirt i ngníomhaíochtaí aon eagraíochta seachtraí ar bhealach a bhféadfaí glacadh leis go réasúnach mar chás a d'fhéadfadh an cumas atá acu a gcuid dualgas le An Coimisiún Pleanála a chur i gcrích ar bhealach neamhchlaonta nó ar bhealach a chuirfeadh cumas An Coimisiún Pleanála a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach neamhchlaonta agus oibiachtúil i mbaol.

7. BALLRAÍOCHT/LEASANNA AIRGEADAIS I gCUIDEACHTAÍ, COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ NÓ COMHLACHTAÍ EILE

- 7.1** Ní mór úinéireacht aon leasa airgeadais i gcuideachtaí, nó ballraíocht i gcomhpháirtíochtaí nó i gcomhlachtaí eile a dhearbú sa chás go bhféadfadh, nó go bhféadfaí a shamhlú, go bhfuil coinbhleacht leasa ann i ndáil le haon chás. Ba cheart do Choimisinéirí Pleanála agus d'fhostaithe ainmnithe na nósanna imeachta atá leagtha amach i mír 2 i ndáil lena rannpháirtíocht/lena mballraíocht a dhearbú de réir na bhforálacha reachtúla ábhartha.

8. OBAIR A DHÉANAMH I RITH AGUS I nDIAIDH BALLRAÍOCHTA FOSTAÍOCHTA

- 8.1** Fostaítear Coimisinéir Pleanála ar bhonn lánaimseartha. Ní ghlacfaidh aon bhall le luach saothair d'aon fostaíocht, comhairleoireacht nó seirbhís chomhairleach sheachtrach.
- 8.2** Ní ghlacfaidh aon fostaí le luach saothair d'aon fostaíocht sheachtrach a bhféadfaí glacadh léi mar ionadaíocht ar nó a bhféadfaí glacadh go réasúnach léi mar bhealach chun ionadaíocht a dhéanamh ar choinbhleacht leasa maidir le haon ní a bhaineann leis na feidhmeanna atá curtha i gcrích ag An Coimisiún Pleanála. Sa chás go mbíonn ceist ann maidir le haon togra dá leithéid, ní mór an ní a chur faoi bhráid an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a dhéanfaidh cinneadh i scríbhinn maidir leis an gceist.
- 8.3** Nuair a fhágtar oifig nó fostaíocht, níor cheart d'aon Choimisinéir Pleanála nó iarfhostaí forordaithe, glacadh le fostaíocht a bhaineann le, feidhmiú mar chomhairleach nó comhairle a chur ar fáil ar bhealach eile i ndáil le, aon chás sonrath leis an gCoimisiún i rith a t(h)réimhse oifige nó fostaíochta a dhéanfaidh a bheith mar bhonn le coinbhleacht leasa, nó tuiscint ar choinbhleacht leasa.

9. BRONNTANAS

- 9.1** Ní ghlacfaidh ná ní bhfaighidh ball den Bhord Rialaithe, Coimisinéir Pleanála nó ball foirne, nó ní aontóidh sé/sí le nó ní dhéanfaidh sé/sí iarracht aon bhronntanas, cuireadh, urraíocht, comaoin nó fabhar a fháil, nó ní chomhaontóidh sé/sí glacadh le nó ní dhéanfaidh sé/sí iarracht a leithéid a fháil ó aon duine eile, lena n-áirítear aon rud a bhféadfaí glacadh leis mar dhreasacht nó mar bhronntanas as aon ghníomh a dhéanamh nó a fhulaingt nó as tionchar a imirt i ndáil le feidhmeanna nó gnó An Coimisiún Pleanála⁷.
- 9.2** Ba cheart do bhall den Bhord Rialaithe, Coimisinéir Pleanála nó fostaí a thairgtear a leithéid de bhronntanas, cuireadh, urraíocht, comaoin nó fabhar dó/di, sa chás go mbraitear go mbaineann a leithéid ar shlí ar bith lena ról in An Coimisiún Pleanála, an t-oifigeach cuí a chur ar an eolas. Ba cheart do bhaill den Bhord Rialaithe Rúnaí an Bhoird a chur ar an eolas, agus ba cheart do Choimisinéirí Pleanála agus d'fhostaithe an tOifigeach Eitice a chur ar an eolas i scríbhinn maidir le haon tairiscint dá leithéid.

7. Leagtar amach i gCuid 2 d'Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018, a chlúdaíonn An Coimisiún Pleanála, cionta sonracha a bhaineann leis na nithe seo agus le nithe eile nach iad.

10. ÉIFEACHTÚLACHT AIRGEADAIS, ÉILIMH AR SPEANSAIS AGUS CALAOIS A CHOSC

- 10.1** Mar chuid den dualgas atá orthu aird a thabhairt ar leas an phobail, lena n-áirítear úsáid cheart a bhaint as cistí poiblí, ba cheart do gach ball den Bhord Rialaithe, an Coimisinéir Pleanála agus gach ball foirne a chinntiú nach n-úsáidtear aon cheann d'acmhainní An Coimisiún Pleanála (lena n-áirítear am foirne) ar mhaithe le buntáiste pearsanta nó do ghníomhaíochtaí nach mbaineann leis an eagraíocht.
- 10.2** Nuair a bhíonn a gcuid dualgas á gcomhlíonadh, déanfaidh baill den Bhord Rialaithe, Coimisinéirí Pleanála agus baill foirne iarracht a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr agus is féidir as acmhainní airgeadais, timpeallachta agus daonna na heagraíochta.
- 10.3** Níor cheart go mbainfeadh speansais éilithe ag agus íochta le baill den Bhord Rialaithe, Coimisinéirí Pleanála nó baill foirne ach le riachtanais ghnó oiriúnacha na heagraíochta agus ba cheart go mbeidís ag teacht le dea-chleachtas agus le ciorcláin agus treoirlínte ábhartha na seirbhíse poiblí go ginearálta.
- 10.4** Beidh rialuithe i bhfeidhm ag An Coimisiún Pleanála chun calaois a chosc lena n-áirítear nósanna imeachta oiriúnacha chun a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta forordaithe á gcomhlíonadh i ndáil le speansais a éileamh do thaisteal gnó agus cinnteoidh gach ball agus fostaí go mbeidh a leithéid de rialuithe agus de nósanna imeachta á gcomhlíonadh. Tá cur síos déanta ar nósanna imeachta agus ar chosaintí frithchhalaoise i mBeartas agus Nósanna Imeachta Frithchhalaoise An Coimisiún Pleanála.

11. ÚSÁID/NOCHTADH FAISNÉISE/FOILSIÚ BARÚLACHA/TUAIRIMÍ

- 11.1** Toirmisceann Alt 573 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, faisnéis shonrach a bheith á nochtadh ag Coimisinéirí Pleanála nó fostaíthe gan toiliú an Choimisiúin seachas eisceachtaí áirithe atá sonraithe ag an dlí.⁸ Tá na srianta seo ar nochtadh faisnéise fós i bhfeidhm i ndiaidh deireadh a bheith curtha le ballraíocht nó fostaíocht an Choimisiúin.
- 11.2** Ní úsáidfidh Coimisinéirí Pleanála nó baill foirne rochtain inmheánach dhlísteanach ar fhaisnéis a bhaineann le tuarascálacha cigirí nó cinntí Coimisiúin d'aon úsáid mhíchuí nó chun críche aon bhuntáiste pearsanta agus coinneofar aon fhaisnéis dá leithéid faoi rún daingean go dtí go gcuirfear a leithéid ar fáil don phobal.
- 11.3** Ní ghlacfar le haon rud a bhaineann le nochtadh faisnéise sa Chód seo mar rud a chuireann toirmeasc air, a chuireann srian le nó a choisceann ar bhealach ar bith nochtadh faisnéise i ndáil le calaois, míchleachtas nó mírialtachtaí a ndéileáiltear leo i mBeartas agus Nósanna Imeachta an Choimisiúin maidir le Nochtuithe Frithchhalaoise agus Cosanta de réir na bhforálacha atá leagtha amach sna beartais agus nósanna imeachta sin.

8. Ní bhaineann na srianta faoi alt 573 le faisnéis arna nochtadh ag an gCoimisiún:

- (a) leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht,
(b) de réir fhorálacha Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, agus
(c) de réir Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil), 2007.

- 11.4** Níor cheart do Choimisinéirí Pleanála agus fostaithe tuairim a roinnt le haon bhall den phobal maidir le haon ní atá os comhair an Choimisiúin, seachas faisnéis a sholáthar maidir le nósanna imeachta agus stádas cásanna a bhfuil sé ceart go leor a leithéid a dhéanamh maidir leo sin.
- 11.5** Níor cheart d'aon Choimisinéir Pleanála nó foistá faisnéis maidir le gnó an Choimisiúin a roinnt le haon pháirtí, iarratasóir, breathnóir nó aon bhall eile den phobal, go háirithe
- ainmneacha na gCoimisinéirí Pleanála nó an Chigire atá ag déileáil le nó ar dócha a bheidh ag déileáil le cásanna áirithe,
 - faisnéis shonrach a bhaineann le cruinnithe Coimisiúin,
 - tinreamh ag cruinnithe de chuid an Choimisiúin amach anseo,
 - socruithe saoire amach anseo do bhaill an Choimisiúin,
 - an t-ábhar atá le fáil i moladh/i dtuarascáil Chigire, nó téarmaí treorach ón gCoimisiún, i rith tréimhse cáis go dtí go mbíonn siad ar fáil go ginearálta de réir nósanna imeachta cuí.
- 11.6** Ba cheart aon fhiosrúchán ó na meáin a chuirtear faoi bhráid baill den Bhord Rialaithe, Coimisinéara Pleanála nó baill foirne a threorú don Aonad Cumarsáide ar an gcéad dul síos.
- 11.7** Seachas le toiliú i scríbhinn ó Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe do bhaill den Bhord nó don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, do Choimisinéirí Pleanála agus baill foirne - ní dhéanfaidh aon duine an méid seo a leanas
- (i) ráiteas a thabhairt do nó agallamh a dhéanamh leis na meáin faoi fheidhmiú feidhmeanna An Coimisiúin Pleanála,
 - (ii) aon ní a bhaineann le feidhmiú feidhmeanna An Coimisiúin Pleanála a ullmhú chun críche foilsithe, a fhoilsiú nó tacú le nó cead a thabhairt ar shlí eile a leithéid a fhoilsiú nó a chraoladh ar an raidió nó ar an teilifís nó ar aon mheán eile,
 - (iii) páipéar a thabhairt maidir le feidhmiú feidhmeanna An Coimisiúin Pleanála,
- Ní bheidh fomhír (i) go (iii) thuas i bhfeidhm i ndáil le huachtaráin (nó a gcomhionann) comhlachtaí gairmiúla do thréimhse a n-oifigí.
- 11.8** Ní fhoilseoidh ná ní léireoidh baill den Bhord Rialaithe, Coimisinéirí Pleanála nó baill foirne tuairimí nó barúlacha pearsanta sainráite go poiblí nó ní ghlacfaidh siad páirt i gcruinnithe nó i bplé poiblí (lena n-áirítear fíorúil) a bhféadfaí glacadh leo go réasúnta mar bhealach a d'fhéadfadh cur isteach ar a gcumas a gcuid dualgas oifigiúil le An Coimisiún Pleanála a chur i gcrích ar bhealach neamhchlaonta nó ar bhealach a chuirfeadh cumas An Coimisiúin Pleanála a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach neamhchlaonta agus oibiachtúil i mbaol.
- 11.9** Níor cheart do Choimisinéirí Pleanála doiciméid a choinneáil a fuarthas i rith a dtéarmaí mar bhaill agus ba cheart dóibh a leithéid sin de dhoiciméid a chur ar fáil don Oifigeach Eitice nó ar shlí eile a chur in iúl don Oifigeach Eitice go bhfuil gach doiciméad den chineál sin diúscartha ar bhealach oiriúnach. Sa chás go mbíonn rochtain ar pháipéir ag teastáil ó larchoimisinéirí Pleanála a bhaineann leis an tréimhse a raibh siad ag obair don Choimisiún, is féidir a leithéid a eagrú.

12. BAILL DEN BHORD RIALAITHE/COIMISINÉIRÍ PLEANÁLA/BREATHNÓIREACHTAÍ AGUS AIGHNEACHTAÍ FOIRNE

- 12.1** Ó am go ham, b'fhéidir gur mhaith le Baill den Bhord Rialaithe, Coimisinéirí Pleanála, baill foirne nó Comhairligh, aighneachtaí nó breathnóireachtaí a dhéanamh maidir le cásanna pleanála sonracha nó pleananna forbartha i gcáil phearsanta nó mar bhall den chumann cónaitheoirí.
- 12.2** Ina leithéid sin de chásanna, ba cheart do bhaill an Bhoird Rialaithe, na Coimisinéirí Pleanála, na baill foirne agus na comhairligh i gceist, eolas a roinnt leis an Rúnaí nó Oifigeach Eitice maidir leis an rún atá acu a leithéid a dhéanamh **sula gcuireann siad** aighneacht nó breathnóireacht ar fáil. Ansin caithfear leis na ní mar leas/ábhartha/coinbhleacht leasa i ndáil leis an gcás sin.

Má thugann Ball den Bhord Rialaithe, Coimisinéir Pleanála, ball foirne nó Comhairleach faoi deara nó má bhíonn sé/sí ag súil leis go bhfuil nó go bhfuil sé beartaithe ag ball teaghlach/duine eile a bhfuil dlúthchaidreamh pearsanta le ball/fostaí aige/aici nó a bhfuil aithne mhaith aige/aici air/uirthi ar bhonn pearsanta, achomharc, iarratas nó aighneacht/breathnóireacht a dhéanamh i ndáil le cás áirithe, ba cheart don bhall/don fhostaí eolas a roinnt leis an Oifigeach Eitice nó Príomhoifigeach Feidhmiúcháin de réir mar is cuí, agus níor cheart go mbeadh aon bhaint aige nó aici le haon bhreithniú a dhéantar ar an gcás sin. Coinneoidh an tOifigeach Eitice taifead ar gach fógra den chineál sin.

13. SOLÁTHAR POIBLÍ

- 13.1** Déanfar gach ceannach earraí/seirbhís de réir Threoirlínte Soláthair Phoiblí An Coimisiún Pleanála. Ní mór go mbeadh baill den Bhord Rialaithe, Coimisinéirí Pleanála agus baill foirne airdeallach ar a gcuid freagrachtaí i ndáil le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a fuarthas i ndáil le tairiscintí agus níor cheart a leithéid sin d'fhaisnéis a chur ar fáil ach amháin de réir na gcleachtas bunaithe.

14. CRUINEAS FAISNÉISE


Déanfaidh baill den Bhord Rialaithe, Coimisinéirí Pleanála agus baill foirne cúram chun a chinntiú go bhfuil na cuntais, tuarascálacha nó staitisticí ar fad a bhaineann le gnó An Coimisiún Pleanála cruinn agus nach bhfuil siad míthreorach.

15. TIMPEALLACHT OIBRE/SHEACHTRACH - MEAS AR DHAOINE EILE AGUS AR AN bPOBAL

- 15.1** Tá An Coimisiún Pleanála tiomanta do thimpeallacht oibre ina spreagtar agus ina dtacaítear leis an gceart chun dínit ag an obair de réir na Cairte um Dhínit ag an Obair. Ceanglaítear ar gach duine atá ag obair anseo meas a léiriú ar cheart gach duine aonair chun dínite ina saol oibre agus go gcaithfear leis an bpearsanra uile go cothrom agus go mbeidh meas ar a n-indibhidiúlacht agus a n-éagsúlacht. Ní ghlacfar le haon chineál bulaíochta ná ciaptha de bhrí go sáraíonn a leithéid sin d'iompar luachanna na heagraíochta agus an Chóid seo. Tá dualgas agus freagracht ar gach duine aonair, fostaithe go díreach nó ar conradh leis an eagraíocht aird a thabhairt ar na luachanna seo san áit oibre.
- 15.2** Mar a cheanglaítear faoi alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tabharfaidh an Coimisiún aird ar an méid seo a leanas nuair a bheidh a chuid feidhmeanna á gcur i bhfeidhm aige -
- (a) idirdhealú a dhíothú,
 - (b) tacófar le comhionannas deiseanna agus cóireáil a mball foirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil lena n-aghaidh, agus
 - (c) cearta an duine a mball, a mball foirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil lena n-aghaidh a chosaint.
- 15.3** Cuireann An Coimisiún Pleanála a chuid oibríochtaí i gcrích ar bhealach a chinntíonn go gcuirtear na hábhair atá ag déanamh imní don phobal áitiúil sa cheantar ina bhfuil a chuid oifigí lonnaithe san áireamh go hiomlán agus go bhfuil a chuid cleachtas ag teacht le hinbhuanaitheacht na timpeallachta.

Dáta Athbhreithnithe	Athruithe Déanta	Glactha ag
25 Samhain 2025	Glactha	An Bord Rialaithe
09 Nollaig 2025	Tosaithe	
31 Márta 2026	Nuashonraithe (Claonadh Oibiachtúil)	An Bord Rialaithe
Bealtaine 2026	Athfhoilsithe	





An
Coimisiún
Pleanála

64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902
+353 1 858 8100 | communications@pleanala.ie | www.pleanala.ie